# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2015

# SCÉIM MHARCÁLA
# GAEILGE
# GNÁTHLEIBHÉAL

**GINEARÁLTA**

Ní mór do na Scrúdaitheoirí an mharcáil a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór dóibh na mórbhotúin go háirithe a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

Is cóir na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad), a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar fhreagarleabhar an iarrthóra.

**Páipéar I (160 marc)**

**CEIST 1 - CLUASTUISCINT - 60 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | Tuiscint | = **60** marc |
| **(ii)** | Cumas Gaeilge | - ( **0-6)** marc |
| **(iii)** | **Iomlán** | = |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 3 mharc × 4 | = | 12 mharc |
| Fógra 2: | 3 mharc × 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 3 mharc × 4 | = | 12 mharc |
| Comhrá 2: | 3 mharc × 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **12 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 3 mharc × 2 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 3 mharc × 2 | = | 6 mharc |
| | **6 + 6** | **=** | **<u>12 mharc</u>** |

**<u>24 + 24 + 12 = 60</u>**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

| | |
|---|---|
| **Eolas (60 marc)** | |
| **Gaeilge -(0-6)** | **-** |
| **Móriomlán** | |

# Triail Chluastuisceana
# Téipscript

## CUID A

### Fógra 1 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó **Raidió Fáilte**. Cuirfear tús le clár nua ar Raidió Fáilte ar an dara lá déag de Bhealtaine. ***An Seomra Ceoil*** an t-ainm a bheidh ar an gclár nua. Beidh an clár nua ar siúl ar leathuair tar éis a seacht tráthnóna Dé hAoine. Clár popcheoil do dhéagóirí a bheidh ann. Ar an gclár, cloisfear na hamhráin is deireanaí ó na cairteacha. Chomh maith leis sin, beidh plé ar na réaltaí móra popcheoil agus ar na féilte ceoil timpeall na tíre. Beidh comórtas seachtainiúil ar an gclár freisin. Éisteoir ar bith a sheolann téacs isteach leis an bhfreagra ceart, beidh seans aige duais a bhuachan. Ar na duaiseanna a bhronnfar gach seachtain, beidh ticéid chuig ceolchoirmeacha agus T-léinte. Bígí ag éisteacht linn.

### Fógra 2 (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó ***Oideas Gael***. Cuirfidh ***Oideas Gael*** cúrsa Gaeilge agus cultúir ar siúl do dhaoine fásta an samhradh seo. Mairfidh an cúrsa seo seachtain. Is i nGleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall a bheidh an cúrsa ar siúl. Tosóidh an cúrsa ar an gcúigiú lá is fiche de Lúnasa. Ar maidin, beidh ranganna ar siúl i labhairt agus i scríobh na Gaeilge. Beidh raon leathan imeachtaí ar siúl i ndiaidh na ranganna: péintéireacht, amhránaíocht, léamh filíochta agus siúlóidí ar an sliabh, mar shampla. €240 an costas a bheidh air. Tá gach eolas faoin gcúrsa seo le fáil ó Oideas Gael ag an uimhir 074 93 02 85.

## CUID B

### Comhrá 1 (Canúint Uladh)

***An Chéad Mhír***

**Cáit:** Haigh, a Dhónaill. Chuala mé dea-scéal faoi do scoil.

**Dónall:** Ó sea, a Cháit, fuaireamar an Bhratach Ghlas trí seachtaine ó shin. Éacht a bhí ann, cinnte. Muidne an chéad scoil dara leibhéal sa chontae seo a fuair an Bhratach Ghlas.

**Cáit:** Comhghairdeas libh. Cad go díreach a rinne sibh?

**Dónall:** Chuireamar feachtas ar siúl a mhair dhá bhliain. Bhí dhá thoradh ar an bhfeachtas: tá níos lú bruscair thart faoin scoil anois agus déanaimid níos mó athchúrsála.

**Cáit:** Conas a d'éirigh libh é sin a bhaint amach?

**Dónall:** Ar dtús, chuireamar Coiste Glas ar bun. Bhí scoláire amháin as gach rang ar an gcoiste sin. Ansin rinneamar plean gníomhaíochta don scoil. Bhí duais speisialta againn uair gach téarma don rang a rinne an iarracht ab fhearr chun an plean a chur i bhfeidhm.

*An Dara Mír*

**Cáit:** Is iontach an rud an athchúrsáil. Níl a fhios agam cén fáth nach rabhamar go léir ag athchúrsáil earraí i bhfad roimhe seo.

**Dónall:** Is féidir an-chuid rudaí a athchúrsáil sa lá atá inniu ann, a Cháit. Sa scoil againne, mar shampla, rinneamar buidéil phlaisteacha, cannaí agus páipéar a athchúrsáil. D'éirigh linn laghdú mór a dhéanamh ar na málaí bruscair a bhí á dtabhairt díreach go dtí an t-ionad dumpála.

**Cáit:** Iontach ar fad. Bíonn tionchar maith ag an bhfeachtas glas ar na scoláirí gan dabht. Cuireann sé ag smaoineamh iad ar an timpeallacht, ar an athrú aeráide agus ar théamh an domhain. Inis dom, an bhfuil aon phlean ag an gCoiste Glas chun aon athrú eile a dhéanamh ar scoil?

**Dónall:** Cinnte, tá plean againn. Beimid ag iarraidh leictreachas agus teas a shábháil sa scoil an bhliain seo chugainn. Tá táillí móra le híoc orthu sin faoi láthair.

**Cáit:** Ó, a Dhónaill, ná luaigh an focal 'táillí' in ainm Dé. Táim cráite ag éisteacht leis an gcaint ar fad faoi na táillí uisce atá le híoc anois.

**Dónall:** Sea, a Cháit. Ní maith le haon duine na táillí uisce.

## Comhrá 2 (Canúint na Mumhan)

*An Chéad Mhír*

**Dáithí:** Conas atá tú, a Orla? Ní fhaca mé thú in aon chor an samhradh seo. Cá raibh tú?

**Orla:** Bhí mé ar saoire san Astráil, a Dháithí. Chaith mé féin agus mo thuismitheoirí sé seachtaine ann. Bhaineamar an taitneamh as an turas.

**Dáithí:** Ó, go hiontach. An bhfuil gaolta agat san Astráil?

**Orla:** Tá mo dheartháir Seán agus uncail liom ina gcónaí amuigh ansin.

**Dáithí:** Cén fáth a ndeachaigh siad go dtí an Astráil? Nach raibh siad sásta anseo in Éirinn?

**Orla:** Cúrsaí oibre ba chúis leis an mbeirt acu imeacht. D'imigh m'uncail sna hochtóidí nuair a chaill sé a phost. D'imigh Seán anuraidh mar bhí sé míshásta leis an obair a bhí aige.

*An Dara Mír*

**Dáithí:** Cad a dhéanann d'uncail san Astráil anois?

**Orla:** Is tógálaí é.

**Dáithí:** Agus do dheartháir, Seán? Nach raibh seisean ag obair leis na ríomhairí sular imigh sé?

**Orla:** Bhí. Ach shocraigh sé imeacht. Tá sé ag obair san Astráil anois agus tá saol níos fearr aige ansin. Faigheann sé pá níos airde ansin agus tá an costas maireachtála níos ísle freisin.

**Dáithí:** An bhfillfidh siad ar Éirinn, meas tú?

**Orla:** Ní fhillfidh m'uncail. Tá sé pósta amuigh ann agus tá beirt pháistí aige.

**Dáithí:** Ach fillfidh Seán, nach bhfillfidh?

**Orla:** Is dóigh liom go bhfillfidh. Tá sé ag siúl amach le cailín as Cill Dara, agus ba mhaith léi siúd socrú síos anseo in Éirinn. An taithí oibre atá á fáil ag Seán san Astráil, cabhróidh sí leis post maith a fháil nuair a fhillfidh sé.

**Dáithí:** Beidh gach rud ag brath ar an ngeilleagar, dar ndóigh. Cé go bhfuil feabhas le brath ar chúrsaí in Éirinn anois, tá dhá fhadhb fós againn: tá an ráta dífhostaíochta ard agus tá fiacha troma ar dhaoine.

**Orla:** Tá an ceart agat. Neosfaidh an aimsir.

# Cuid C

## Píosa 1 (Canúint Chonnacht)

Beidh Éirí Amach na Cásca in 1916 á chomóradh an bhliain seo chugainn. Beidh cuid de na himeachtaí ar siúl ag Teach an Phiarsaigh i Ros Muc i gConamara. Chaitheadh Pádraig Mac Piarais an samhradh ansin sna blianta díreach roimh an Éirí Amach. Agus é ar saoire i gConamara, bhíodh sé ag scríobh, ag cur feabhais ar a chuid Gaeilge agus ag pleanáil don Éirí Amach. Bíonn an teach ar oscailt do chuairteoirí óna deich a chlog ar maidin go dtí a sé a chlog tráthnóna gach lá i rith an tsamhraidh. Tá sé i gceist ag an Rialtas ionad oidhreachta a thógáil taobh leis an teach in am don chomóradh.

## Píosa 2 (Canúint Uladh)

Tá seirbhís nuachta trí Ghaeilge ar fáil ar líne anois. ***Tuairisc.ie*** an t-ainm atá ar an tseirbhís idirlín seo. Cuireadh tús léi i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Is nuachtán ar líne é ***Tuairisc.ie***. Tá an tseirbhís seo ag freastal ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta in Éirinn agus ar chainteoirí Gaeilge thar lear. Tá scéalta de gach saghas le fáil ar an tseirbhís seo: cúrsaí reatha, spórt, cultúr agus oideachas, mar shampla. Tá oifigí ***Tuairisc.ie*** suite i mBearna, Contae na Gaillimhe, mar tá córas ardluais leathanbhanda ar fáil ann. Céim eile chun tosaigh atá sa tseirbhís seo a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar na meáin nua-aoiseacha.

## Cuid A (24 marc)

### FÓGRA A hAON (12 mharc)

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cén t-ainm a bheidh ar an gclár nua ar Raidió Fáilte? | An Seomra Ceoil **3 mharc** |
| Cén tráthnóna a bheidh an clár nua ar siúl? | Dé hAoine / Aoine **3 mharc** |
| Cén saghas ceoil a bheidh le cloisteáil ar an gclár nua? | Popcheol **3 mharc**<br>Na hamhráin is deireanaí ó na cairteacha **3 mharc**<br>Ó na cairteacha **2 mharc** |
| Luaigh ceann **amháin** de na duaiseanna a bhronnfar. | Ticéid chuig ceolchoirmeacha **3 mharc**<br>T-léinte **3 mharc**<br>Ticéid **2 mharc**<br>chuig ceolchoirmeacha **1 mharc** |

### FÓGRA A DÓ (12 mharc)

**1.** **(a)** Cá fhad a mhairfidh an cúrsa seo? **3 mharc**
Seachtain = 3 mharc

**(b)** Cén contae ina bhfuil Gleann Cholm Cille? **3 mharc**
Dún na nGall = 3 mharc
Tír Chonaill = 3 mharc

**2.** **(a)** Cén mhí a bheidh an cúrsa seo ag tosú? **3 mharc**
Lúnasa = 3 mharc

**(b)** Cén costas a bheidh ar an gcúrsa seo? **3 mharc**
(€)240 = 3 mharc
Dhá chéad daichead (euro) = 3 mharc

## Cuid B (24 marc)

### COMHRÁ A hAON (12 mharc)

**An Chéad Mhír**

**1.** Cathain a fuair scoil Dhónaill an Bhratach Ghlas? **3 mharc**
Trí seachtaine ó shin = 3 mharc

**2.** Cé a bhí ar an gCoiste Glas i scoil Dhónaill? **3 mharc**
Scoláire (amháin) as gach rang = 3 mharc
Scoláirí / Daltaí = 2 mharc

**An Dara Mír**

**1.** Scríobh síos rud **amháin** a athchúrsáladh i scoil Dhónaill. **3 mharc**
Buidéil phlaisteacha = 3 mharc
Cannaí = 3 mharc
Páipéar = 3 mharc
Buidéil = 2 mharc

**2.** Cad a bheidh an Coiste Glas i scoil Dhónaill ag iarraidh a shábháil an bhliain seo chugainn? **3 mharc**
Leictreachas **agus** teas = 3 mharc
Ceann amháin den dá rud (leictreachas **nó** teas) i gceart, bronn 2 mharc air

### COMHRÁ A DÓ (12 mharc)

**An Chéad Mhír**

**1.** Cá raibh Orla ar saoire an samhradh seo? **3 mharc**
Astráil = 3 mharc

**2.** Cén fáth ar fhág uncail Orla Éire sna hochtóidí? **3 mharc**
Cúrsaí oibre = 3 mharc
Chaill sé a phost = 3 mharc
Bhí sé gan phost =3 mharc
Post = 2 mharc
Obair = 2 mharc

**An Dara Mír**

**1.** Cén obair a bhí ar siúl ag Seán in Éirinn? **3 mharc**
Ag obair leis na ríomhairí = 3 mharc
Ríomhairí = 3 mharc

**2.** Cé mhéad páiste atá ag uncail Orla? **3 mharc**
Beirt = 3 mharc
2 = 3 mharc

## Cuid C (12 mharc)

### PÍOSA A hAON (6 mharc)

**1.** Cá háit i gConamara a bhfuil Teach an Phiarsaigh? **3 mharc**
Ros Muc = 3 mharc

**2.** Cad iad na huaireanta a bhíonn Teach an Phiarsaigh ar oscailt i rith an tsamhraidh? **3 mharc**
Óna deich a chlog ar maidin go dtí a sé a chlog tráthnóna = 3 mharc
Óna deich go dtí a sé = 3 mharc
10 - 6 = 3 mharc
10 - am dúnta mícheart = 2 mharc
Am oscailte mícheart – 6 = 2 mharc

### PÍOSA A DÓ (6 mharc)

**1.** Cén mhí a thosaigh an tseirbhís nuachta trí Ghaeilge ar líne? **3 mharc**
Deireadh Fómhair = 3 mharc

**2.** Scríobh síos saghas **amháin** scéil atá le fáil ar an tseirbhís nuachta seo. **3 mharc**
Cúrsaí reatha = 3 mharc
Spórt = 3 mharc
Cultúr = 3 mharc
Oideachas = 3 mharc

| | |
|---|---|
| Eolas (60) | = |
| Gaeilge (0-6) | = |
| Móriomlán (60) | = |

| CUID II | - CEAPADÓIREACHT - | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Leathleathanach nó breis: | Tasc | = 2 mharc | |
| | Ábhar | = 8 marc | = 50 marc x 2 |
| | Cumas Gaeilge | = 40 marc | |
| | | = **100 marc** | |

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha) (= 40%)

**agus**

(ii) Beachtas = Cruinneas maidir le húsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) (= 50%) agus litriú (= 10%)

[(i) agus (ii) sa chóimheas 40% : 60%]

[Ní mór ceangal cinnte a bheith idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar. **Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ad rem**.]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

T (Tasc) (2) =
Á (Ábhar) (8) =
G (Gaeilge) (40) =

**Páipéar II (200 marc)**

**CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT -100 marc**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

**Rory McIlroy – Galfaire na Bliana 2014**

**1.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin mbliain iontach a bhí ag an ngalfaire Rory McIlroy in 2014. (Alt 1) **5 mharc = 3 mharc + 2 mharc**

An chéad phointe eolais atá ceart = 3 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 2 mharc

- Chríochnaigh sé an bhliain 2014 ar bharr liosta ghalfairí an domhain.
- Bhuaigh sé dhá cheann de mhórchomórtais an ghailf (*Majors*), Craobh Oscailte na Breataine agus Craobh an PGA i Meiriceá.
- Bhí sé ar fhoireann na hEorpa a bhuaigh Corn Ryder trí huaire i ndiaidh a chéile: 2010, 2012 agus 2014.

(b) Cén gaisce atá déanta ag Rory mar ghalfaire Eorpach? (Alt 1) **5 mharc**

- Tá trí mhórchomórtas dhifriúla buaite aige cheana féin agus gan é ach cúig bliana is fiche d'aois = 5 mharc
- Tá gaisce déanta ag Rory - tá trí mhórchomórtas dhifriúla buaite aige cheana féin agus gan é ach cúig bliana is fiche d'aois. Ní dhearna aon ghalfaire Eorpach eile gaisce mar sin riamh = 5 mharc
- Tá trí mhórchomórtas dhifriúla buaite aige = 3 mharc

**2.** (a) Scríobh síos **dhá** rud a chabhraigh go mór le Rory galf a chleachtadh nuair a bhí sé óg. (Alt 2) **5 mharc**

An chéad rud atá ceart = 3 mharc; an dara rud atá ceart = 2 mharc

**Dhá** rud as na rudaí seo a leanas:

- Bhí suim mhór ag a athair sa ghalf.
- Bhí an teaghlach ina gcónaí taobh le galfchúrsa.
- Chuir Rory suim mhór sa ghalf.
- Rinne sé dul chun cinn bliain i ndiaidh bliana.
- Bhuaigh sé Craobh an Domhain faoi bhun deich mbliana d'aois in Miami.
- Sa bhliain 2005 agus gan é ach sé bliana déag d'aois, bhuaigh sé comórtas mór tábhachtach anseo in Éirinn - Craobh Amaitéarach Iarthar na hÉireann.

(b) Cad a rinne Rory sa bhliain 2007? (Alt 2) **5 mharc**

- (Sa bhliain 2007) thosaigh sé ag imirt gailf go proifisiúnta = 5 mharc

**3.** (a) Is breá le lucht na meán Rory. Cén fáth? (Alt 3) **5 mharc**

**2** phointe ag teastáil = **3 mharc + 2 mharc**

- Tá tallann iontach aige **agus** bíonn sé sásta caint faoina chluiche = 3 mharc + 2 mharc
  Bronn 3 mharc ar an gcéad phointe atá ceart agus 2 mharc ar an dara pointe atá ceart

(b) Cén scór a bhí ag Rory nuair a bhuaigh sé Craobh Oscailte na Stát Aontaithe? (Alt 3) **5 mharc**

- An scór ab fhearr riamh sa chomórtas sin, sé bhuille dhéag faoin bpar = 5 mharc

**4.** (a) Cá dtéann Rory nuair a bhíonn am saor aige? (Alt 4) **5 mharc**

- (Nuair a bhíonn am saor aige), téann sé chuig cluichí sacair **agus** rugbaí = 5 mharc
  Gan ach cluiche amháin luaite, bronn 3 mharc air.
  Téann sé chuig cluichí sacair (gan rugbaí luaite) = 3 mharc
  Téann sé chuig cluichí rugbaí (gan sacar luaite) = 3 mharc

(b) Cad a dúirt Rory go poiblí sna meáin tamall ó shin? (Alt 4) **5 mharc**

- (Dúirt sé go poiblí sna meáin tamall ó shin) go n-imreodh sé galf ar son na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha in Rio de Janeiro in 2016 = 5 mharc
  (Dúirt sé go poiblí sna meáin tamall ó shin) go n-imreodh sé galf ar son na hÉireann = 3 mharc

**5.** (a) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil Rory an-saibhir anois. (Alt 5) **5 mharc**

**Dhá** chúis = 3 mharc + 2 mharc

- Tuilleann sé a lán airgid nuair a bhuann sé comórtais **agus** déanann sé fógraíocht do chomhlachtaí spóirt éagsúla cosúil le Nike = 5 mharc
  Gan ach cúis cheart **amháin** luaite, bronn 3 mharc uirthi.

(b) Cén obair a dhéanann *The Rory Foundation*? (Alt 5) **5 mharc**

- Cabhraíonn an eagraíocht le páistí ar fud an domhain atá tinn nó bocht nó ag fulaingt = 5 mharc
- Cabhraíonn an eagraíocht le páistí ar fud an domhain atá tinn nó bocht = 5 mharc
- Cabhraíonn an eagraíocht le páistí ar fud an domhain atá tinn nó ag fulaingt = 5 mharc
- Cabhraíonn an eagraíocht le páistí ar fud an domhain atá bocht nó ag fulaingt = 5 mharc
- Cabhraíonn an eagraíocht le páistí ar fud an domhain atá tinn = 3 mharc
- Cabhraíonn an eagraíocht le páistí ar fud an domhain atá bocht = 3 mharc
- Cabhraíonn an eagraíocht le páistí ar fud an domhain atá ag fulaingt = 3 mharc

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:
Marc bronnta – marc bainte (iom.) = …
Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =
[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**B – (50 marc)**

**Hillary Clinton agus Rás 2016 chuig an Teach Bán**

**1.** (a) Cad a dhéanann muintir Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí na Samhna gach ceathrú bliain? (Alt 1) **5 mharc**

- I mí na Samhna gach ceathrú bliain, caitheann muintir Stáit Aontaithe Mheiriceá a vóta i dtoghchán le duine a chur go dtí an Teach Bán in Washington le bheith mar Uachtarán ar an tír = 5 mharc
- Caitheann muintir Stáit Aontaithe Mheiriceá a vóta i dtoghchán le duine a chur go dtí an Teach Bán = 5 mharc

(b) Ainmnigh an **dá** phríomhpháirtí polaitíochta sna Stáit Aontaithe. (Alt 1) **5 mharc**

- Na Poblachtaigh agus na Daonlathaigh = 3 mharc + 2 mharc
  Páirtí amháin luaite agus é cruinn = 3 mharc

**2.** (a) Cathain a rugadh Hillary Rodham? (Alt 2) **5 mharc**

- Sa bhliain 1947 = 5 mharc
- 1947 = 5 mharc

(b) Cén fáth ar fhág Hillary Rodham an páirtí Poblachtach? (Alt 2) **5 mharc**

- Ní raibh sí sásta le cuid de na polasaithe a bhí acu = 5 mharc

**3.** (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi Arkansas. (Alt 3) **5 mharc**
3 mharc + 2 mharc

An chéad phointe eolais atá ceart = 3 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 2 mharc

**Dhá** phíosa eolais as na pointí seo a leanas:

- Tá Arkansas bocht go leor (mar stát)
- Tá sé i bhfad ó lár na polaitíochta (in Washington)
- Chaith Bill tamall fada mar Ghobharnóir ar Arkansas

(b) Luaigh an **dá** rud a rinne Hillary chun cúrsaí oideachais a fheabhsú in Arkansas. (Alt 3) **5 mharc**
3 mharc + 2 mharc

An chéad rud atá ceart = 3 mharc; an dara rud atá ceart = 2 mharc

- Lorg sí breis airgid do na scoileanna sna ceantair bhochta
- Mhol sí do thuismitheoirí a bheith ag léamh lena bpáistí mar go gcabhródh sé sin leo foghlaim.

**4.** (a) Cén obair a rinne Hillary nuair a bhí sí mar Chéad-Bhean Mheiriceá? (Alt 4)
**5 mharc**

- D'oibrigh Hillary le grúpa daoine a chuir plean le chéile chun cúrsaí sláinte i Meiriceá a dhéanamh níos fearr = 5 mharc

(b) Scríobh síos **dhá** rud a thaispeánann gur cara dílis d'Éirinn í Hillary. (Alt 4)
**5 mharc**
3 mharc + 2 mharc

An chéad rud atá ceart = 3 mharc; an dara rud atá ceart = 2 mharc

- Is minic a thagann sí ar cuairt chuig Éirinn.
- Léiríonn sí suim i gcónaí i gcúrsaí síochána i dTuaisceart Éireann.

**5.** (a) Cad a theastaigh ó Hillary a dhéanamh i Samhain 2008? (Alt 5) **5 mharc**

- Theastaigh ó Hillary seasamh i dtoghchán na hUachtaránachta = 5 mharc

(b) Cén obair a dhéanann Rúnaí Stáit Mheiriceá? (Alt 5) **5 mharc**

- Bíonn an Rúnaí Stáit ag taisteal ar fud an domhain **agus** ag plé leis an bpolaitíocht idirnáisiúnta ar son Mheiriceá = 5 mharc

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) =

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =
[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

| CEIST 2 | PRÓS – AINMNITHE nó ROGHNACH – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).**

| A | – PRÓS AINMNITHE – | (50 marc) |
|---|---|---|

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a) Oisín i dTír na nÓg**

Tabhair achoimre ar na heachtraí is mó sa scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.
Luaigh na pointí seo san achoimre:

(i) Déan cur síos ar an gcuma a bhí ar Niamh Chinn Óir nuair a tháinig sí ag lorg Oisín.
(ii) Cén t-eolas a thug Niamh Chinn Óir d'Oisín faoi Thír na nÓg?
(iii) Cén sórt saoil a bhí ag Oisín leis na Fianna sular imigh sé go Tír na nÓg?
(iv) Cén t-eolas atá sa scéal faoi na páistí a bhí ag Niamh Chinn Óir agus Oisín?
(v) Déan cur síos ar an timpiste a tharla d'Oisín nuair a d'fhill sé ó Thír na nÓg.

**(25 marc)**

**5** phointe eolais: **7** marc an ceann ar **thrí** phointe eolais agus **2** mharc ar an dá cheann eile.
(7 marc = 5 mharc ar lomphointe eolais agus 2 mharc ar fhorbairt)
(2 mharc = 1 mharc ar lomphointe eolais agus 1 mharc ar fhorbairt)

[Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b) Hurlamaboc**

"Fiche bliain ó shin a pósadh Lisín agus Pól. Bheadh an ócáid iontach á ceiliúradh acu i gceann seachtaine. Bhí an teaghlach ar fad ag tnúth leis." *Hurlamaboc*

Déan cur síos ar shaol Lisín ón uair a phós sí Pól **agus** ar na hullmhúcháin a bhí déanta aici don cheiliúradh (don chóisir). **(25 marc)**

**5** phointe eolais: **7** marc an ceann ar **thrí** phointe eolais agus **2** mharc ar an dá cheann eile.

(7 marc = 5 mharc ar lomphointe eolais agus 2 mharc ar fhorbairt)
(2 mharc = 1 mharc ar lomphointe eolais agus 1 mharc ar fhorbairt)

[Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

| B | – PRÓS ROGHNACH – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan cur síos ar an gcineál duine é an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa scéal **agus** ar na rudaí is mó a tharlaíonn don duine sin sa scéal.

**(23 marc)**

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.* **(2 mharc)**

**Treoir:**
Ní mór don iarrthóir tagairt a dhéanamh sa fhreagra don dá ghné - an cinéal duine é an príomhcharachtar **agus** na rudaí is mó a tharlaíonn dó / di sa scéal.

**5** phointe eolais: **7** marc ar an gcéad dá phointe eolais, **5** mharc ar an tríú pointe eolais agus **2** mharc ar an dá cheann eile.

7 marc = 5 mharc ar lomphointe eolais + 2 mharc ar fhorbairt
5 mharc = 4 mharc ar lomphointe eolais + 1 mharc ar fhorbairt
2 mharc = 1 mharc ar lomphointe eolais + 1 mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.* **(2 mharc)**

Teideal an scéil bhéaloidis = 2 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghiota sin. **(23 marc)**

**5** phointe eolais: **7** marc ar an gcéad dá phointe eolais, **5** mharc ar an tríú pointe eolais agus **2** mharc ar an dá cheann eile.

7 marc = 5 mharc ar lomphointe eolais + 2 mharc ar fhorbairt
5 mharc = 4 mharc ar lomphointe eolais + 1 mharc ar fhorbairt
2 mharc = 1 mharc ar lomphointe eolais + 1 mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.* **(2 mharc)**

Teideal an úrscéil = 1 mharc
Ainm an údair = 1 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**CEIST 3 FILÍOCHT – AINMNITHE nó ROGHNACH – (50 marc)**

**Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).**

## A – FILÍOCHT AINMNITHE – (50 marc)

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

(i) Cad is téama don dán *Mo ghrá-sa (idir lúibíní)*, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin** faoin téama sin sa dán. **(8 marc)**
Téama a ainmniú = **2** mharc
**Dhá** phointe eolais faoin téama sin = **3** mharc + **3** mharc

**Freagraí Samplacha:**
**Téama:** Grá, is é an grá téama an dáin seo; tá an file i ngrá; magadh…
**Pointí eolais:** Tá an file i ngrá le fear; níl an fear dathúil ar chor ar bith; níl a grá dathúil ar bhealach nósmhar; tugann sé aire mhaith di; is cuma léi faoina chruth fisiciúil; tá sé go deas cineálta léi; tá sí ag magadh faoin mbéim a chuirtear ar thréithe fisiciúla an duine; tuigeann sí na rudaí atá tábhachtach sa ghrá; tá an file magúil i leith a leannáin…

**Nóta:**
1. Mura bhfuil an téama luaite ach má tá léiriú cuí, téama = 0 ach marcáil an dá phointe eolais as (3+3)
2. Téama luaite (2 mharc) agus línte cuí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar na pointí eolais, marcáil na pointí eolais as (2+2).
3. Gan an téama luaite agus línte cuí díreach ón dán mar phointí eolais = 0

(ii) Scríobh síos íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá greannmhar, dar leat. Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. **(8 marc)**

Íomhá (pictiúr) a roghnú = **3** mharc
Míniú = **5** mharc

**Freagraí Samplacha**:
**Íomhá (pictiúr):** Bláth na n-airní; nóiníní; a shúile; a chuid gruaige; úlla agus caora fíniúna
**Samplaí den mhíniú:** Beidh *nóiníní* ag fás as a chluasa nuair a bheidh sé marbh; tá *a shúile* róchóngarach dá chéile; tá *a shúile* róghar dá chéile; tá *a chuid gruaige* cosúil le sreang dheilgneach; tugann sé *úlla agus caora fíniúna* di nuair a bhíonn dea-aoibh air…

**Nóta:**
Línte cuí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar an míniú, marcáil an míniú as 3 mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) **(9 marc)**

Is maith / Ní maith = (**1** mharc) + dhá fháth = (**4** mharc + **4** mharc)

**Fáthanna Samplacha:** Is maith liom an dán seo mar is maith liom an téama; tá a lán íomhánna sa dán; tá an teideal oiriúnach don téama; tá greann ann…
Ní maith liom an dán seo mar mar tá an file ag magadh; ní dán grá traidisiúnta é; tá searbhas ann…
[Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b) An tEarrach Thiar**

(i) (a) Cén obair atá ar siúl ag an bhfear i véarsa a haon? **(2 mharc)**

**Freagraí Samplacha:** Tá sé ag glanadh spáide; tá sé ag glanadh cré de spáid / de ghímseán spáide; 'Fear ag glanadh cré de ghímseán spáide'…

(b) Cén sórt fuaime atá ann i véarsa a haon? **(2 mharc)**

**Freagraí Samplacha**: Fuaim na spáide; an fhuaim a dhéanann an fear ag glanadh na spáide; fuaim bhinn; níl aon fhuaim ann / tá sé ciúin / tá ciúnas ann; 'Binn an fhuaim'…

(c) Conas atá an aimsir i véarsa a dó? **(2 mharc)**

**Freagraí Samplacha**: Tá an ghrian ag taitneamh / ag soilsiú / ag lonrú; tá an aimsir go hálainn / go deas / go maith; 'I dtaitneamh gréine'…

(d) Cá bhfuil na mná i véarsa a trí? **(2 mharc)**

**Freagraí Samplacha:** Tá siad i locháin; san uisce; ar an trá; cois farraige; 'Mná i locháin'…

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an bpictiúr den *churrach* a thugann an file dúinn i véarsa a ceathair. (Is leor **dhá** phointe eolais.) **(8 marc)**
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí Samplacha:** Tá an bád lán d'éisc; tá an bád ag teacht i dtír / chun cladaigh um thráthnóna; tá fuaim na maidí rámha le cloisteáil / tá na fir ag úsáid maidí rámha…

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar na pointí eolais, marcáil na pointí eolais as (2 + 2)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) **(9 marc)**
Is maith / Ní maith = (**1** mharc) + dhá fháth = (**4** mharc + **4** mharc)

**Fáthanna Samplacha**: Is maith liom an dán seo mar is maith liom an téama; tá a lán íomhánna ann…
Ní maith liom an dán seo mar tá sé deacair…
[Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) **agus** an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

## B – FILÍOCHT ROGHNACH – (50 marc)

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a)** (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a scríobh **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad is téama don dán sin, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin** faoin téama sin sa dán.

Téama a ainmniú = **2** mharc

**Dhá** phointe eolais faoin téama sin = **3** mharc + **3** mharc **(8 marc)**

(ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá suimiúil, dar leat. Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**.

Íomhá (pictiúr) a lua = **2** mharc
Míniú = **4** mharc **(6 mharc)**

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

Is maith / Ní maith = (**1** mharc)
Dhá fháth = (**4** mharc + **4** mharc) **(9 marc)**

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc **(2 mharc)**

[Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)** (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a scríobh **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin** príomhsmaointe an dáin.

Príomhsmaointe an dáin (**2** phointe eolais)
Dhá phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc **(8 marc)**

(ii) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán.

Mothúchán a ainmniú = **2** mharc

Dhá shampla = **2** mharc + **2** mharc **(6 mharc)**

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

Is maith / Ní maith = (**1** mharc)

Dhá fháth = (**4** mharc + **4** mharc) **(9 marc)**

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc **(2 mharc)**

[Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) **agus** an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe**

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin.
- Úsáid próiseálaí focal.
- Úsáid scríobhaí.
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach.

Sa Ghaeilge Gnáthleibhéal san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

**Litriú**: I gcás earráidí litrithe, iarrtar ar scrúdaitheoirí gan líne a chur faoi fhocail atá litrithe mícheart ná faoi fhocail a bhfuil síneadh fada ar lár, fiú má chuireann sé isteach ar fhuaimniú an fhocail.

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

**An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge. [Gaeilge lochtach: 0 – 6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Páipéar 1: Ceist 2: An Cheapadóireacht** - An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc.

**Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint -** An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí. [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Páipéar 2: Ceist 2: An Prós -** An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis. [Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht -** An measunú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta. [Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Leathanach Bán

Leathanach Bán